Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Aibreán 2024
(OR. en)

9050/24

ENV 431
SAN 230
CONSOM 158
AGRI 360
DELACT 101

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7628/24 + ADD 1 - C(2024) 1454 final + Annex |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ón gCoimisiún an 11 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca<br>– Rún gan aon agóid a dhéanamh |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe[1] thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus go háirithe Airteagal 5(5), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce[2],

2. Thug an Coimisiún fógra faoin Rialachán Tarmligthe seo an 11 Márta 2024; féadfaidh an Chomhairle, dá réir sin, agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 12 Bealtaine 2024.

1 7628/24 + ADD 1.
2 IO L 177, 5.6.2020, lgh. 32-55

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an gníomh tarmligthe trí nós imeachta comhairliúcháin neamhfhoirmiúil agus ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Aibreán 2024. Mheas na toscaireachtaí nach raibh aon fhorais ann go ndéanfadh an Chomhairle agóid i gcoinne an Rialacháin Tharmligthe seo.

4. Tar éis don tréimhse agóide 2 mhí dul in éag – agus mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ina choinne – foilseofar an Rialachán Tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Rialachán Tarmligthe, agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, go bhfuil sé ar intinn aige gan agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go gcuirfear an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.